10 MIOTAS FAOIN...

OCRAS DOMHANDA

An fhírinne a scagadh ón mbréag.

Cá mhéad atá ar eolas atá agat faoin ocras domhanda?

Amharc ar na deich miotas choitianta seo faoin ocras domhanda, táirgeadh bia agus cothú agus déan iad a fhiosrú.

Bíonn deacracht ag an iomarca ban agus fear ar fud an domhain a leanaí a chothú le béile cothaitheach. I ndomhan ina dtáirgtear dóthain bia le gach duine a chothú, **téann 690 milliún duine – duine as gach naonúr – a chodladh ar bholg folamh gach oíche.** Fulaingíonn níos mó ná sin fiú – duine as gach triúr – mar thoradh ar chineál éigin míchothaithe.

Tá an dúshlán a bhaineann le deireadh a chur leis an ocras agus míchothú ar cheann de dhúshláin mhóra ár linne. Ní hamháin go gcruthaíonn na hiarmhairtí a bhaineann le heaspa rochtana ar dhóthain bia – nó nuair nach mbíonn fáil ach ar an mbia mícheart – fulaingt agus drochshláinte, cuireann siad isteach freisin ar dhul chun cinn i neart réimsí eile d'fhorbairt an duine, amhail oideachas agus fostaíocht.

Ghlac rialtais an domhain leis na 17 Sprioc Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe sa bhliain 2015 d'fhonn saol daoine a fheabhsú faoin mbliain 2030. **Sprioc 2 – Deireadh le hOcras – gealltanas chun deireadh a chur le hocras, slándáil bhia a bhaint amach, cothú a fheabhsú agus talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn.**

Rinneadh neart dul chun cinn sa domhan chun ocras a laghdú ach tá go leor oibre le déanamh fós, agus ní fhéadfaidh aon eagraíocht amháin Deireadh a Chur le hOcras agus í ag oibriú léi féin. Más mian linn deireadh a chur le hocras faoin mbliain 2030, ní mór do rialtais, saoránaigh, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus an earnáil phríobháideach comhoibriú chun infheistiú, dul i mbun nuálaíochta agus réitigh mharthanacha a chruthú.

NÍ MIOTAS É AN T-OCRAS

An fáth a bhfuil sé tábhachtach a bheith ag smaoineamh faoin ocras domhanda

1. Is é an bac is mó atá ar an ocras domhanda a réiteach an bealach a smaoinímid faoin bhfadhb.
2. Ní mór dúinn an fhírinne a scagadh ón mbréag chun troid in aghaidh an ocrais.
3. Is mór an chodarsnacht atá ann idir miotais a chreidtear go forleathan faoin ocras agus an fhírinne – ní bheimid in ann a fheiceáil cad is gá dúinn a dhéanamh chun deireadh a chur le hocras domhanda go dtí go bhfaighimid an ceann is fearr ar na miotais sin orainn chun príomhchúiseanna an ocrais a thuiscint.
4. Caithfidh na meonta agus na freagairtí beartais ar fhadhb an ocrais dhomhanda i dtíortha saibhre ar nós na hÉireann bogadh ar aghaidh ón 'gcarthanacht' amháin chun cur i gcoinne na gcóras éagórach a chruthaíonn agus a chothaíonn an t-ocras.

Cúig phointe tagartha ar líne:

- Smaointe, díospóireachtaí agus acmhainní maidir le cearta an duine agus an fhorbairt idirnáisiúnta: **http://www.developmenteducation.ie**
- Suíomh gréasáin don Innéacs maidir le hOcras Domhanda: **http://www.globalhungerindex.org/**
- Acmhainní teagaisc don mheánscoil ó Scoilnet: **https://www.scoilnet.ie/post-primary/collections/junior-cycle/zerohunger**
- Suíomh gréasáin an Chláir Dhomhanda Bia: **http://www.fao.org/world-food-day**
- Two Villages: The story of Malela and Nsunda: Northern Zambia **twovillages.org**

CAD IS LÁ DOMHANDA AN BHIA ANN?

Déantar Lá Domhanda an Bhia a cheiliúradh gach bliain ar an 16 Deireadh Fómhair d'fhonn feasacht agus gníomhaíocht a chur chun cinn ar fud an domhain i leith na saincheiste seo. Baineann Lá Domhanda an Bhia leis an Sprioc Domhanda chun Deireadh a chur leis an Ocras faoin mbliain 2030 – deireadh a chur leis an ocras do gach leanbh, bean agus fear ar domhan. Sábhálfar go leor leor daoine má bhaintear an sprioc seo amach agus tógfar todhchaí níos fearr do gach duine. Cuidigh linn a chinntiú nach ndéanfaidh an domhan dearmad ar an ngealltanas a tugadh trí **#ZeroHunger** nó #CuirDeireadhLeisAnOcras a roinnt i do phobal féin. Tá an dul chun cinn a rinne neart tíortha le chéile chun deireadh a chur le hocras domhanda ag dul in olcas.

le déanaí mar thoradh ar choimhlint atá ar siúl le fada, méadú in imeachtaí adhaimsire atá nasctha leis an athrú aeráide agus an mhoill atá ag teacht ar an ngeilleagar. Maíodh an méid seo a leanas sa tuarascáil is déanaí maidir le Staid na Slándála Bia agus Cothaithe sa Domhan:

> *"Today, 821 million people suffer chronic undernourishment, according to the latest State of Food Security and Nutrition in the World report. At the same time, obesity levels are rising rapidly and many countries experience the double burden of hunger and obesity. 1.9 billion people are overweight, 672 million of whom are obese. But the world can achieve Zero Hunger if we join forces across nations, continents, sectors and professions, and take account of best practices and lessons learned."*

SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS

Is iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an treoirphlean chun todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach do gach duine. Téitear i ngleic leis na dúshláin dhomhanda atá romhainn uile sna spriocanna sin, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bochtanas, neamhionannas, an aeráid, díghrádú comhshaoil, rath, síocháin agus ceartas. Tá na Spriocanna fite fuaite ina chéile agus d'fhonn gach duine a ionchuimsiú leo, tá sé tábhachtach go mbainfimid gach Sprioc agus gach cuspóir amach faoin mbliain 2030.

Baineann an Dara Sprioc de chuid na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe le deireadh a chur le hocras, ciallaíonn sé sin go gcaithfimid oibriú le chéile le cinntiú go bhfuil fáil ag gach duine i ngach áit ar an mbia slán, sláintiúil agus cothaitheach a theastaíonn. Ní mór dúinn stíl mhaireachtála níos inbhuanaithe a ghlacadh, oibriú le daoine eile, córais inbhuanaithe táirgthe bia a chinntiú, nósanna talmhaíochta atá seasmhach §cuidiú chun an domhan a athrú agus a fheabhsú chun an sprioc sin a bhaint amach.

[MIOTAS 01]

NÍL DÓTHAIN BIA SA DOMHAN CHUN AN DAONRA ATÁ AIR, AGUS AN DAONRA SIN AG MÉADÚ, A CHOTHÚ

[BRÉAGACH]

Cé go bhfuil go bhfuil go leor cúiseanna leis an ocras domhanda, níl easpa bia sa domhan ar cheann díobh. De réir foinsí iontaofa, lena n-áirítear Clár Domhanda Bia na Náisiún Aontaithe, táirgtear dóthain bia sa domhan cheana féin chun suas le 10 mbilliún duine a chothú (an daonra domhanda measta faoin mbliain 2050). Mar sin féin, sa bhliain 2019 bhí thart ar 690 milliún duine (duine as gach naonúr a bheag ná a mhór) gannchothaithe mar thoradh ar bhochtaineacht, neamhionannas, athrú aeráide agus coimhlint den chuid ba mhó.

Tá an táirgeadh bia ag méadú ag luas níos tapa ná fás an daonra ach níl fáil ag na daoine is boichte agus is leochailí ar domhan ar dhóthain acmhainní chun réim bia bunúsach a chinntiú. Tá líon na ndaoine a bhfuil ocras orthu ag méadú gach bliain ó bhí 2014 ann cé go leanaimid ar aghaidh ag cur thart ar 30%+ den bhia a thairgimid amú.

Tá ocras fós ar mhuintir an domhain nach bhfuil a ndóthain le hithe acu mar nach bhfuil siad sách tábhachtach ó thaobh na polaitíochta de; mar is daoine bochta iad agus mar go ndírítear ar áiteanna agus daoine eile i dtosaíochtaí an domhain maidir le táirgeadh, leithdháileadh agus slándáil bia.

Foinse: *The State of Food Security and Nutrition in the World* le FAO, IFAD, UNICEF, WFP agus EDS (2018 agus 2020); *Building climate resilience for food security and nutrition*, le FAO, feic: http://www.fao.org/publications/sofi/en/

[MIOTAS 02]

IS IAD AN NÁDÚR AGUS TUBAISTÍ NÁDÚRTHA IS CÚIS LE HOCRAS

[BRÉAGACH]

Cé go bhfuil neart daoine ina gcónaí in áiteanna atá leochaileach d'imeachtaí ó thaobh an nádúir de, bíonn bia ar fáil i gcónaí dóibh siúd ar féidir íoc as; ní chuireann ocras le linn tréimhsí crua nó anachaine isteach ach ar na daoine is boichte. Tá na milliúin de na daoine is boichte agus is leochailí ar domhan fós ag maireachtáil ar an imeall gan mórán sa bhreis acu (má tá aon cheo sa bhreis acu) chun iad féin a chothú de ghnáth, beag beann ar thréimhsí contúirteacha nuair atá a dtimpeallacht faoi strus. Bíonn tionchar ag imeachtaí adhaimsire ar neart tíortha forbartha mar a thugtar orthu ach bíonn torthaí an-éagsúil le feiceáil sna tíortha sin.

Gach bliain cuirtear níos mó daoine i mbaol ó thaobh na timpeallachta de mar thoradh ar neamhionannas, bochtaineacht, coimhlint agus iompar na ndaoine cumhachta i leith cúrsaí geilleagracha agus polaitiúla. Seachnaímid na fíorfhadhbanna nuair a chuirimid an milleán ar an nádúr amháin.

Foinse: Enough: *Why the World's Poorest Starve in an Age of Plenty,* (2009) le Roger Thurow agus Scott Kilman, Public Affairs (feic: enoughthebook.com)

[MIOTAS 03]

TÁ AN T-OCRAS DOMHANDA AG DUL IN OLCAS

[FÍOR TÁ AN T-OCRAS DOMHANDA AG DUL IN OLCAS]

Cé go mbíonn neart argóintí ann faoin mbealach a ndéantar ocras a thomhas (agus is minic nach dtuairiscítear an scéal iomlán faoin ocras), ní easaontaítear gur éirigh linn neart dul chun cinn a dhéanamh le cúpla scór bliain anuas. Tháinig laghdú ar an gcéatadán den daonra atá gannchothaithe i ngach réigiún ar domhan ón mbliain 1991 i leith. Tá 220 milliún níos lú daoine a bhfuil ocras orthu ann i gcomparáid le líon na ndaoine a raibh ocras orthu in 1990–92, cé gur tháinig méadú 1.9 billiún ar dhaonra an domhain.

Ina ainneoin sin, tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhfuil ocras orthu sa domhan arís ó 2014 i leith (tá thart ar 60 milliún níos mó daoine gannchothaithe sa lá atá inniu ann i gcomparáid le 2014, ó 783 milliún duine sa bhliain 2005). Tá na leibhéil ocrais is airde de réir an daonra san Afraic (ag 19.1% in 2019) agus tá an líon is mó daoine a bhfuil ocras orthu san Áise (ag 381 milliún duine in 2019).

Mar sin féin, tá i bhfad níos mó ar eolas againn faoi fhadhb an ocrais, na cúiseanna atá léi, fúthu siúd atá i mbaol ocrais agus faoin mbealach is fearr le hidirghabháil, agus dá bhrí sin táimid níos ullmhaithe anois ná riamh chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo má bheartaímid go bhfuilimid dáiríre fúithi.

Foinse: FAO, IFAD, UNICEF, WFP agus EDS. 2020. T*he State of Food Security and Nutrition in the World 2018. Building climate resilience for food security and nutrition*. An Róimh, FAO (ar fáil le híoslódáil saor in aisce ag http://www.fao.org/state-of-food-security-nutrition/en/

Feic *Our World in Data* freisin, ag https://ourworldindata.org/hunger-and-undernourishment

[MIOTAS 04]

BAINEANN DEIREADH A CHUR LEIS AN OCRAS DOMHANDA LENA CHINNTIÚ GO BHFUIL DÓTHAIN

[BRÉAGACH]

Ní bhaineann ocras le dóthain bia a bheith ag an duine amháin, baineann sé leis an gcothromaíocht cheart a bheith ann sa bhia a itear. Is minic a thugtar 'ocras ceilte' air sin. Tá sé an-tábhachtach don fhorbairt shláintiúil go mbeadh an meascán ceart de chothaithigh agus de chalraí sa bhia a ithimid, go háirithe le haghaidh naíonán, ban atá ag iompar clainne agus leanaí óga.

Foinse: Tionscnamh maidir le Deireadh a Chur leis an Ocras Domhanda de chuid an Chláir Dhomhanda Bia, feic http://www1.wfp.org/zero-hunger

[MIOTAS 05]

TÁ SÉ DEACAIR A BHEITH AR AN EOLAS ROIMH RÉ FAOIN ÁIT A MBEIDH OCRAS AR DHAOINE NÓ AR NA DAOINE A MBEIDH AN TIONCHAR IS MÓ ORTHU

[BRÉAGACH]

Cé go bhféadfadh sé seo a bheith fíor maidir le himeachtaí áirithe adhaimsire, níl sé fíor i gcás an ocrais leanúnaigh a fhulaingíonn an chuid is mó de na daoine gannchothaithe ar domhan ar bhonn laethúil. Tuigimid cé hiad na daoine atá i mbaol ocrais – daoine a bhfuil píosa beag talún acu, oibrithe talmhaíochta, neart daoine dúchasacha (go háirithe feirmeoirí) agus daoine bochta i gceantair uirbeacha. Tá neart eolais againn ar cathain is dócha go mbeidh ocras ar dhaoine (le linn na míonna 'ocracha' roimh an bhfómhair, nuair atá an bia ón bhfómhar roimhe sin imithe nó nuair a bhíonn ar fheirmeoirí beaga acu a n-uirlisí bunúsacha, síolta nó beostoc a dhíol chun bia a cheannach, nó nuair a ardaítear praghsanna bia ar mhargaí an domhain, etc.). Tháinig an-fheabhas ar na córais réamhrabhaidh atá againn don ghorta, cuir i gcás, taighde chun galair i bplandaí a bhrath go luath ag úsáid teicneolaíocht ar fhóin chliste.

Cuidíonn an fhaisnéis sin (atá ag feabhsú i gcónaí) linn pleanáil a dhéanamh roimh ré, a bheith ullmhaithe le straitéisí éifeachtacha agus le díriú ar na daoine is mó atá i mbaol.

Foinse: *Global Hunger Index 2017 le International Food Policy Research Institute, Concern Worldwide, welt hunger hilfe*, feic http://www.globalhungerindex.org/pdf/de/2017.pdf; *New mobile app diagnoses crop diseases in the field and alerts rural farmers* le Chuck Gill (29 Meán Fómhair 2017) Penn State News.

[MIOTAS 06]

BAINEANN AN OCRAS DOMHANDA LE SAINCHEISTEANNA BIA, NÍ LE CEARTA NA MBAN

[BRÉAGACH]

Más maith linn dul i ngleic leis an ocras domhanda ar bhealach dáiríre, ní mór dúinn a bheith dáiríre faoi chearta na mban freisin – de bharr cúis aonair amháin atá thar a bheith simplí. Ar fud an domhain, is ar mhná a bhíonn an fhreagracht is mo maidir le táirgeadh bia, go háirithe sna háiteanna is mó baol agus i measc na ngrúpaí is mó baol. Táirgeann feirmeoirí agus oibrithe mná níos mó ná leath an bhia iomláin ar fud an domhain agus ardaíonn an figiúr sin chuig 85% san Afraic fho-Shahárach.

Tugtar faoin obair sin mar aon le tascanna tí eile lena n-áirítear earraí bia a phróiseáil, uisce agus adhmad tine a bhailiú, agus bia a ullmhú agus a chócaráil. Tá sé ríthábhachtach go ndíreofar ar fheirmeoirí agus oibrithe mná mar aon le mná atá mar cheann an teaghlaigh chun dul i ngleic leis an ocras domhanda.

Foinse: *The State of Food Insecurity in the World 2015, Meeting the 2015 international hunger targets: taking stock of uneven progress* le FAO, IFAD agus WFP (2015), An Róimh, FAO, feic http://www.fao.org/3/a-i4646e.pdf

[MIOTAS 07]

IS Í DIANFHEIRMEOIREACHT MHÓRSCÁLA (GNÓ TALMHAÍOCHTA) AN FHREAGAIRT AR AN GCEIST SEO

[BRÉAGACH]

Cé gur earnáil thábhachtach í an talmhaíocht mhórscála i dtáirgeadh bia, ní hí an earnáil is tábhachtaí í nuair atáthar ag dul i ngleic le hocras domhanda. Luíonn tosaíochtaí na hearnála seo i gcláir oibre agus i gcláir roinnt de na comhlachtaí trasnáisiúnta is mó ar domhan. D'iarr an chuid is mó de na heagraíochtaí domhanda a bhfuil baint dhíreach acu leis an ocras go gcuirfí béim níos láidre ar na fadhbanna agus ar an bhféidearthacht a bhaineann le feirmeoirí mionscála.

D'éiligh rapóirtéir speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis an gceart chun bia, Hilal Elver, go n-aistreodh gach rialtas a bhfóirdheontais agus a maoiniú taighde ón ngnó talmhaíochta mórscála go feirmeoirí tuaithe mionscála, is é sin, chuig na daoine sin atá ag cothú fhormhór an domhain cheana féin.

Foinse: Roger Thurow agus Scott Kilman (2009) Enough: *Why the World's Poorest Starve in an Age of Plenty*, (http://www.enoughthebook.com/); an Rapóirtéir Speisialta maidir leis an gceart chun bia, Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine – suíomh gréasáin, feic: https://www.ohchr.org/EN/Issues/Food/Pages/FoodIndex.aspx

[MIOTAS 08]

TÁ MUINTIR AN DOMHAIN A BHFUIL OCRAS ORTHU AG FANACHT ORAINNE LEIS AN BHFADHB A RÉITEACH

[BRÉAGACH]

Is iad na daoine sin a fhulaingíonn ar bhonn leanúnach mar thoradh ar an ocras na daoine is cáilithe chun dul i ngleic leis an tsaincheist nuair atá na hacmhainní cuí ar fáil agus nuair a roinntear tacaíocht leo. Nó, i neart gcásanna, is iad na daoine sin a bheadh in ann an fhadhb seo a leigheas dá mbainfí nó dá sárófaí na bacainní atá rompu é sin a dhéanamh. Is é an ról ar cheart a bheith againn tacú le daoine, le feirmeoirí beaga go háirithe, leis an streachailt atá acu go háitiúil, go réigiúnach agus ag leibhéal bheartas an rialtais, seachas idirghabhálacha idirnáisiúnta a bhíonn i mbéal an phobail a eagrú. Caithfear cosc a chur leis an ocras seachas a bheith ag dul i ngleic leis nuair a tharlaíonn sé: tá sé sin ar cheann de na straitéisí is tábhachtaí atá againn.

Níl aon dabht go bhfuil ról againn ann, go háirithe chun feasacht a ardú, le cur i gcoinne an neamhionannais, na bochtaineachta, na diomailte agus maidir lenár n-iompar díobhálach 'margaidh', chomh maith le gníomhú nuair a tharlaíonn tubaiste dhaonnúil mar thoradh ar choimhlint ná ar imeachtaí a bhaineann leis an aeráid.

[MIOTAS 09]

TÁ FORMHÓR NA DAOINE A BHFUIL OCRAS ORTHU INA GCÓNAÍ SAN AFRAIC

[BRÉAGACH]

ACH NÍ HIN AN SCÉAL IOMLÁN...

Sa bhliain 2019, bhí an sciar is airde den daonra a bhfuil ocras orthu (19.1%) san Afraic (go háirithe san Afraic fho-Shahárach) ach bhí an líon is mó daoine a bhfuil ocras orthu san Áise, go háirithe an Áise Theas (381 milliún).

Cuirtear meastachán ar fáil le 'doimhneacht an easnaimh bia' maidir leis an líon calraí a theastódh ón ngnáthdhuine chun an méid calraí a itheann sé a chothromú i gcoinne a riachtanais fuinnimh. Bhí 'easnamh bia' faoi bhun 200 calra an duine in aghaidh an lae ag formhór na dtíortha i mbéal forbartha in 2015. Bhí easnamh idir 300 agus 500 calra ag líon beag tíortha agus an chuid ba mhó díobh san Afraic fho-Shahárach agus ba í Háití an tír a raibh an easnamh is airde inti le heasnamh de 530 calra an duine in aghaidh an lae.

Nóta maidir le staitisticí – d'fhéadfadh staitisticí mearbhall a chur orainn! Is féidir dearbhuimhir a ríomh agus a thomhas (ag bunú tagarmhairc, mar shampla). Is difríocht choibhneasta a cuireadh i gcomparáid le rud eile (uimhir nó tír eile) atá i gceist le comhréir agus déantar í a thomhas mar chóimheas nó mar chéatadán de ghnáth.

Foinsí: Feic an ghrafaic *'Number of people suffering from severe food insecurity'* a d'fhoilsigh Our World in Data, agus atá le fáil ag https://ourworldindata.org/hunger-and-undernourishment

---

State of Food Security and Nutrition in the World 2018 (2018) le hEagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe. Féach ar

[MIOTAS 10]

NÍ FÉIDIR LE GNÁTHDHAOINE MÓRÁN A DHÉANAMH FAOIN OCRAS DOMHANDA

[BRÉAGACH]

Is é an fhreagairt a bhíonn againn nuair atá orainn aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le hocras domhanda iompú uaidh ('ní bhaineann an fhadhb sin liomsa') nó tacaíocht a thabhairt d'eagraíocht a théann i ngleic leis an bhfadhb go díreach. Is é an chéad chéim atá le glacadh againn diúltú iompú ón bhfadhb agus tosú ag foghlaim tuilleadh faoin tsaincheist agus faoin gcaidreamh atá ag an bhfadhb lenár saol féin.

Is céim riachtanach eile é tacú leis na heagraíochtaí sin a dhíríonn go díreach ar riachtanais na ndaoine is mó i mbaol. Tá sé an-tábhachtach go mbunófaí gluaiseacht i gcoinne an ocrais dhomhanda agus go n-éilímid go mbreathnófar ar an ocras domhanda mar thosaíocht agus ar an mbealach sin go n-éilímid ar rialtais agus ar chuideachtaí gníomhú go héifeachtach ar mhaithe le muintir an domhain a bhfuil ocras orthu.

Mar sin féin, níl ansin ach a thús – is féidir linn i bhfad níos mó a dhéanamh faoin tsaincheist seo, cuir i gcás, feasacht a ardú i measc cairde, ar scoil nó ag an ollscoil, san obair, inár gclubanna agus inár ngrúpaí pobail etc., agus féadfaimid cur i gcoinne na scannal a bhaineann le dramhaíl bhia, bithbhreosla, amhantraíocht i dtráchtearraí bia, grabáil talún, etc. Léirítear i réamh-mheastacháin, mar shampla, go gcaillear agus go gcuirtear amú 1.3 billiún tona bia gach bliain, is ionann sin agus 24% de na calraí iomlána a tháirgtear le haghaidh daoine (feic thíos chun naisc a fháil le haghaidh faisnéis ar na hábhair seo).

Thar aon rud eile, féadfaidh tú diúltú a bheith ciúin faoin bhfadhb! Ardaigh do ghlór faoin tsaincheist! Tacaigh leis na daoine is ocraí ar domhan agus éiligh gníomh láithreach agus éifeachtach!

Foinse: *Food losses and waste: a challenge to sustainable development* le José Graziano da Silva Ardstiúrthóir Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), feic http://www.fao.org

10 MIOTAS MAIDIR LE...
FEACHTAS

Féachtar leis an bhfírinne a scagadh ón mbréag maidir le saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le forbairt, cearta an duine agus ceartas leis an tsraith 10 Miotas maidir le...

Rinne developmenteducation.ie agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí an feachtas oideachais seo do Lá Domhanda an Bhia a chomhordú.

- Téigh chuig https://developmenteducation.ie/features/what-the-fact chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tionscadal deimhnithe fíricí What The Fact? agus le smaointe, saincheisteanna agus díospóireachtaí faoin bhforbairt a aimsiú.
- Más maith leat pleananna ceachta agus acmhainní teagaisc a fháil, tabhair cuairt ar www.scoilnet.ie

Tabhair faoi deara: tarraingíodh ar an obair atá déanta ag an gClár Domhanda Bia agus ar ábhair le haghaidh Lá Domhanda an Bhia, 2020 sa lámhleabhar seo. Féach ar http://www.wfp.org/worldfoodday chun tuilleadh eolais a fháil.

Foireann an tionscadail: Patrick Coffey, Michael Doorly, Tony Daly, Dorothy Jacob, Ghalya Farahat, Dave O'Mahony, Aoife McDonnell agus Colm Regan.

Dearadh: Gush Design, Bré, Co. Chill Mhantáin, Éire

ISBN: 978-1-8381509-1-4

Arna fhoilsiú Deireadh Fómhair 2019

Maoiníodh an lámhleabhar seo i bpáirt ag Cúnamh Éireann, clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear. Cuirtear tuairimí na n-údar in iúl sa lámhleabhar seo agus ní gá gur ionann tuairimí Chúnamh Éireann.

10 MIOTAS FAOIN...

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Níl dóthain le hithe ag 690 milliún duine – níos mó ná **duine as gach naonúr** de dhaonra an domhain

Is tréimhse fhíorthábhachtach ina gcaitear dul i ngleic leis an **ngannchothú** an chéad 1,000 lá de shaol an duine

Tá tionchar ag an ngannchothú ar **dhuine as gach triúr** ar an bpláinéad

Gheall an pobal idirnáisiúnta **Deireadh a Chur leis an Ocras** faoin mbliain 2030